Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5134

22.9.2025

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12055 — PLATINUM EQUITY GROUP / NCH)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2025/5134)

1. An 12 Meán Fómhair 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle [1] agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin.

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Platinum Equity Group (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— NCH Corporation ('NCH', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Ranger Holding LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh Platinum Equity Group rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar NCH ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh é Platinum Equity Group atá speisialaithe i gcumasc, éadáil agus oibriú cuideachtaí i raon leathan gnólachtaí. Ceann dá chuideachtaí punainne is ea Solenis (Stáit Aontaithe Mheiriceá), soláthraí (i) réiteach cóireála uisce, go háirithe le haghaidh ceimiceáin agus seirbhísí tionsclaíocha cóireála uisce, (ii) ceimiceán próisis, (iii) bratuithe laín agus páipéir, breiseán agus ceimiceán eile, agus (iv) seirbhísí gaolmhara faireacháin agus rialaithe agus réiteach digiteach,

— Is soláthraí táirgí agus seirbhísí cothabhála tionsclaíocha, tráchtála agus institiúideacha é NCH. Agus é ábhartha maidir leis an idirbheart atá beartaithe, is soláthraí domhanda réiteach cóireála uisce é NCH do chustaiméirí tráchtála agus institiúideacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais [2], ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12055 — PLATINUM EQUITY GROUP / NCH

(1) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
(2) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË